

# Tuairimí maidir le hailíniú leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha (FTCE) agus an tImleabhar Breise (IB) i gcomhthéacs Ghaeilge na hArdteistiméireachta

David Little<sup>1</sup>

Comhalta Emeritus

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

## Achoimre

Tá an páipéar plé seo roinnte ina thrí mhír. Cuirtear an *Fráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha* (FTCE, 2001) agus an *Imleabhar Breise*, (IB, 2020) i láthair sa chéad mhír. Mínítear inti cén áit as a dtagann FTCE agus a ceapadh é a bhaint amach; tugtar achoimre inti ar na himpleachtaí atá aige ar theagasc teangacha; mínítear inti príomhghnéithe na sé leibhéal inniúlachta a bhaineann leis; agus pléitear inti a mhéid is féidir na leibhéil inniúlachta sin agus na tuairisceoirí scálaithe a chur i bhfeidhm ar an nGaeilge mar chéad teanga.

Baineann an dara mír den pháipéar le stair ailínithe FTCE go dtí seo, agus déantar tagairt inti do scrúduithe tábhachtacha agus do churaclaim; tugtar achoimre inti ar an spéis idirnáisiúnta reatha maidir le FTCE a úsáid chun Córais Chuimsitheacha Foghlama a thógáil ina n-ailínítear an curaclam, an teagasc/an fhoghlaím agus an measúnú le FTCE agus lena chéile freisin; agus déantar cur síos inti ar conas a úsáideadh FTCE, cúig bliana is fiche ó shin, chun córas cuimsitheach tacaíochta a fhorbairt do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí an Bhéarla mar theanga bhreise i mbunscoileanna na hÉireann.

Sa tríú mír den pháipéar, pléitear na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ann dá ndéanfaí na sonraíochtaí do Ghaeilge na hArdteistiméireachta a athfhorbairt, le go dtiocfaidh siad le FTCE. Áitítear ann go bhfuil buntáistí an-difriúil ann do Ghaeilge T1 agus Gaeilge T2 agus úsáidtear sonraíocht Araibis na hArdteistiméireachta lena léiriú conas is féidir príomhghnéithe theimpléad na sonraíochta a nascadh le FTCE.

Mar fhocal scoir, aithnítear go mbeadh impleachtaí suntasacha ann ó thaobh acmhainní de, dá ndéanfaí sonraíochtaí Ghaeilge na hArdteistiméireachta a athfhorbairt le go dtiocfadh siad le FTCE, cé go mbeadh sé breá indéanta. Bheadh gá le comhoibriú leanúnach idir aisteoirí nach mbíonn ag obair lena chéile de ghnáth – saineolaithe curaclaim, saineolaithe ar mheasúnú, taighdeoirí oideachais agus teangeolaíochta, oideoirí na múinteoirí agus múinteoirí – chun córas comhtháite a chruthú a bhfuil an curaclam, an oideolaíocht agus an measúnú mar chuid de. Le go

---

<sup>1</sup> Ba stiúrthóir ar an Lárionad Léann Teanga agus Cumarsáide (1979–2005) agus Ceann Scoil na nEolaíochtaí Teangeolaíochta, Urlabhra agus Cumarsáide (2005–2008) i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, é an tOllamh David Little. Scríobh sé ceann de na réamhstaidéir do FTCE 2001, tá roinnt mhaith foilsithe aige maidir le FTCE agus maidir leis an imleabhar breise, Punann na dTeangacha Eorpacha, agus tá sé ar dhuine d'eagarthóirí an tsaothair [Aligning Language Education with the CEFR: A Handbook](#) (2022). Tugtar aitheantas idirnáisiúnta do thábhacht a chuid oibre maidir le teoiric agus cleachtas neamhspleáchas an fhoghlaimeora teanga. Faoi láthair, tá sé ag obair mar chomhordaitheoir acadúil ar [Thástáil Beartais Romainise-Ilteangach \(2022–2025\)](#) de chuid Chomhairle na hEorpa. In 2024, bronnadh Dámhachtain Mheasúnaithe Idirnáisiúnta de chuid Chomhairle na Breataine air.

gcuirfí i bhfeidhm go rathúil é, níor mhór leanúint leis an gcomhoibriú seo san oideachas múinteora agus monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht gach comhpháirte sa chóras.

## 1 An Fráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha

### 1.1 Cad é FTCE?

Tá dhá cháipéis sa Fhráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha (FTCE):

- i. [\*An Fráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha: Foghlaim, teagasc, measúnú\*](#), a foilsíodh in 2001– ar a dtugtar FTCE 2001 ina dhiaidh seo;
- ii. [\*An Fráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha: Teagasc, foghlaim, measúnú. Imleabhar Breise\*](#), foilsithe in 2020 – ar a dtugtar IB FTCE ina dhiaidh seo.<sup>2</sup>

Sa dá cháipéis,

- déantar cur síos ar an inniúlacht teanga ó thaobh úsáid na teanga de – na gníomhaíochtaí cumarsáideacha is féidir leis na foghlaimeoirí a dhéanamh – ag sé leibhéal: A1 agus A2, B1 agus B2, C1 agus C2;
- roinntear úsáid na teanga ina ceithre mhodh: gabhchumas (éisteacht agus léamh), táirgeadh (labhairt agus scríobh), idirghníomhú (ó bhéal agus scríofa), agus idirghabháil;
- cuirtear scálaí léiritheacha ar fáil (A1–C2) a bhaineann leas as
  - tuairisceoirí “is féidir liom” chun na gníomhaíochtaí cumarsáideacha faoina dtugann úsáideoirí agus foghlaimeoirí teanga a shainmhíniú
  - tuairisceoirí scálaithe chun sainmhíniú a thabhairt ar inniúlachtaí sa teanga chumarsáideach ar a mbíonn feidhmíocht rathúil na ngníomhaíochtaí cumarsáideacha ag brath;
- déantar béim ar phróifílí páirteacha nó míchothroma inniúlachta a éascú;
- ní bhaineann an t-ábhar iontu go sonrach le haon teanga amháin: nuair a chuirtear i bhfeidhm ar theanga ar leith iad, ní mór tuairisceoirí scálaithe ghníomhaíochtaí agus inniúlachtaí na teanga cumarsáidí a iniúchadh agus míniú breise a chur leo i dtaca leis an teanga sin.<sup>3</sup>

In 2001, chuir FTCE a chur síos ar an inniúlacht chumarsáideach in iúl mar chuid de thogra níos mó, a bhaineann le coincheap an ilteangachais, a shainmhínítear mar “inniúlacht chumarsáideach a gcuireann gach eolas agus taithí ar an teanga léi, ina mbíonn teangacha fite fuaite lena chéile agus ina mbíonn teagmháil ag na teangacha sin lena chéile”.<sup>4</sup> Dar le FTCE 2001, “sa lá atá inniu ann, tuigtear go bhfuil níos mó i gceist le haidhm an oideachais teanga ná ‘máistreacht’ a fháil ar theanga amháin, dhá

<sup>2</sup> Tá fáil ar thagairtí leathanaigh do FTCE 2001 agus CV FTCE trí na naisc leabaithe.

<sup>3</sup> Tá mínithe breise dá leithéid seo, ar a dtugtar [\*Sainmhínithe Leibhéil Tagartha\*](#), ar fáil do roinnt teangacha; is é an ceann is suntasaí ar fad ná [\*Próifíl an Bhéarla\*](#), a bhfuil bailiúchán mór de thaighde turgnamhach mar bhonn eolas fúithi.

<sup>4</sup> 2001 CEFR, lch 4.

theanga nó trí theanga fiú, astu féin” ach, go bhfuil sé mar aidhm aige “stór teangeolaíoch a fhorbairt, mar a mbeadh áit ag gach cumas teangeolaíoch”.<sup>5</sup> Athdhearbhaíodh tiomantas Chomhairle na hEorpa do choincheap seo an oideachais teanga trí bliana ó shin i [Moladh CM/Rec\(2022\)1](#) ó Choiste na nAirí, maidir le tábhacht an oideachais ilteangaigh agus idirchultúrtha don chultúr daonlathach.

---

<sup>5</sup> 2001 CEFR, lch 5. Chun staidéar mionsonraithe a léamh maidir leis an oideachas ilteangach mar a chuir bunscoil in Éirinn i bhfeidhm é, féach D. Little & D. Kirwan, *Engaging with Linguistic Diversity: A Study of Educational Inclusion in an Irish Primary School*, Londain: Bloomsbury, 2019. Tá cur chuige ilteangach mar bhonn faoi: [Language and Languages in the Primary School: Some Guidelines for Teachers](#), le D. Little & D. Kirwan, eagrán athbhreithnithe, Post-primary Languages Ireland, 2024.

|                                      |                        | A1                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                               | A2                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                         | B1                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                         | B2                                                                                                                                                                                                                                                                                                                           | C1                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                          | C2                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                             |
|--------------------------------------|------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| T<br>U<br>I<br>S<br>C<br>I<br>N<br>T | Éisteacht              | Is féidir liom focail choitianta agus frásaí an-bhunúsacha mar gheall orm féin, ar mo theaghlach agus ar mo gharthimpeallacht nithiúil a thuiscint nuair a labhraíonn daoine go mall agus go soiléir.                                                                                                                                                            | Is féidir liom frásaí agus an stór focal is airde minicíochta a bhaineann le réimsí lena ngabhann an ábharthacht phearsanta is mó a thuiscint (m.sh. faisnéis an-bhunúsach phearsanta agus teaghlaigh, an tsiopadóireacht, an ceantar áitiúil, fostaíocht). Is féidir liom an príomhphointe a thuiscint i dteachtaireachtaí agus i bhfógraí atá gearr, soiléir agus simplí.                | Is féidir liom na príomhphointí a thuiscint fada a thuiscint agus línte casta argóinte a leanúint fad is atá cur amach réasúnta agam ar an topaic. Is féidir liom formhór na gclár nuachta agus na gcúrsaí reatha ar an teilifís a thuiscint. Is féidir liom formhór na scannán sa chanúint chaighdeánach a thuiscint.                                                                                                                     | Is féidir liom caint fhada agus léachtaí fada a thuiscint agus línte casta argóinte a leanúint fad is atá cur amach réasúnta agam ar an topaic. Is féidir liom formhór na gclár nuachta agus na gcúrsaí reatha ar an teilifís a thuiscint. Is féidir liom formhór na scannán sa chanúint chaighdeánach a thuiscint.          | Is féidir liom caint fhada a thuiscint fiú amháin i gcás nach bhfuil struchtúr soiléir uirthi agus i gcás gur intuigthe atá caidrimh, seachas iad a bheith curtha in iúl go follasach. Is féidir liom cláir teilifíse agus scannáin a thuiscint gan mórán dua.                                                                                                              | Níl aon deacracht agam aon chineál teanga labhartha a thuiscint, bíodh sí beo nó craolta, fiú amháin i gcás go labhraítear ag luas tapa an chainteora dhúchais, fad atá roinnte ama agam chun dul i dtaithe ar an mblas.                                                                                                                                                                                                                                       |
|                                      | Léitheoireacht         | Is féidir liom ainmneacha coitianta, focail choitianta agus abairtí an-simplí a thuiscint, mar shampla, iad sin ar fhógraí agus ar phóstaire nó i gcatalóga.                                                                                                                                                                                                     | Is féidir liom téacsanna atá simplí agus an-ghearr a léamh. Is féidir liom faisnéis atá sonrach agus intuartha a aimsiú in ábhar simplí laethúil amhail fógraí, réamheolairí, biachláir agus amchlár agus is féidir liom litreacha pearsanta atá gearr agus simplí a thuiscint.                                                                                                            | Is féidir liom téacsanna a thuiscint nuair is gnáthfocail laethúla ardmhíníochta nó focail atá bainteach le hobair iad bunús na bhfocal. Is féidir liom cur síos ar eachtraí, ar mhothúcháin agus ar mhianta i litreacha pearsanta a thuiscint.                                                                                                                                                                                            | Is féidir liom ailt agus tuarascálacha a léamh a bhaineann le fadhbanna comhaimseartha agus ina nglacann na scríbhneoirí dearchtaí nó tuairimí ar leith. Is féidir liom prós liteartha na linne seo a thuiscint.                                                                                                             | Is féidir liom téacsanna fíorasacha agus liteartha atá fada agus casta a thuiscint agus difríochtaí ó thaobh stíle de a aithint. Is féidir liom ailt speisialaithe agus treoracha níos faide teicniúla a thuiscint, fiú amháin i gcás nach mbaineann siad le mo réimse spéise.                                                                                              | Is féidir liom beagnach gach foirm den teanga scríofa a thuiscint gan dua, ina measc sin téacsanna teibí nó téacsanna atá casta ó thaobh struchtúir nó teangeolaíochta de amhail lámhleabhair, ailt speisialaithe agus saothair liteartha.                                                                                                                                                                                                                     |
| L<br>A<br>B<br>H<br>A<br>I<br>R<br>T | Idirghníomhú Labhartha | Is féidir liom idirghníomhú a dhéanamh ar bhealach simplí fad is atá an duine eile sásta rudaí a athrá nó a rá ar shlí eile ag luas cainte níos moille agus cabhrú liom a bhfuil i gceist agam a rá a chur i bhfocail. Is féidir liom ceisteanna simplí a chur agus a fhreagairt faoi riachtanais láithreacha nó faoi thopaic a bhfuil an-chur amach agam orthu. | Is féidir liom cumarsáid a dhéanamh le linn gnáth-thascanna simplí nuair nach bhfuil i gceist iontu ach malartú faisnéise díreach agus simplí maidir le topaicí agus le gníomhaíochtaí a bhfuil cur amach agam orthu. Is féidir liom comhráite sóisialta an-ghearr a láimhseáil, cé nach bhfuil go leor tuisceana agam ar an teanga de ghnáth chun an comhrá a choinneáil ar siúl mé féin. | Is féidir liom déileáil le formhór na gcásanna ar dócha iad a theacht chun cinn agus mé ag taisteal i gceantar ina labhraítear an teanga. Is féidir liom tabhairt faoi chomhrá gan ullmhúchán ar thopaic a mbeadh cur amach agam orthu, faoi thopaic a bhfuil spéis phearsanta agam iontu nó faoi thopaic a bhaineann leis an saol laethúil (m.sh. cúrsaí teaghlaigh, caitheamh aimsire, cúrsaí oibre, cúrsaí taistil agus cúrsaí reatha). | Is féidir liom idirghníomhú a dhéanamh go measartha líofa agus gan réamhsmaoineamh, inniúlacht a fhágann go mbím in ann idirghníomhú rialta a dhéanamh le cainteoirí dúchais. Is féidir liom páirt ghníomhach a ghlacadh i ndíospóireacht i gcomhthéacsanna coitianta agus mo thuairimí a leagan amach agus údar a chur leo. | Is féidir liom mé féin a chur in iúl go líofa agus gan réamhsmaoineamh, gan a bheith ag cuardach nathanna cainte go follasach. Is féidir liom an teanga a úsáid go solúbtha agus go héifeachtach chun críocha sóisialta agus gairmiúla. Is féidir liom smaointe agus tuairimí a chur le chéile go beacht agus mo thuairimí a nascadh go hoilte le tuairimí cainteoirí eile. | Is féidir liom páirt a ghlacadh gan dua in aon chomhrá nó in aon díospóireacht agus tá dea-chur amach agam ar nathanna dúchasacha agus ar leaganacha canúnacha. Is féidir liom mé féin a chur in iúl go líofa agus miondifríochtaí céille a chur in iúl go beacht. Má tharlaíonn sé go bhfuil fadhb agam, tá sé ar mo chumas dul siar ar a bhfuil ráite agam agus athstruchtúrú a dhéanamh air gan dua ionas gur ar éigean a thugann daoine eile faoi deara é. |
|                                      | Táirgeadh Labhartha    | Is féidir liom frásaí agus abairtí simplí a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar m'áit chónaithe agus ar na daoine atá ar aithne agam.                                                                                                                                                                                                                              | Is féidir liom sraith frásaí agus abairtí a úsáid chun cur síos a dhéanamh i dtéarmaí simplí ar mo theaghlach agus ar dhaoine eile, ar mo dhálaí maireachtála, ar mo chúla oideachasúil agus ar an bpost reatha atá agam nó ar an bpost is déanaí a bhí agam.                                                                                                                              | Is féidir liom frásaí a nascadh lena chéile ar bhealach simplí chun cur síos a dhéanamh ar eispéiris agus ar eachtraí, ar mo mhianta, ar m'údair dhóchais agus ar m'uailmhianta. Is féidir liom cúiseanna achoimre a thabhairt le tuairimí agus le pleananna agus mínithe achoimre a thabhairt orthu. Is féidir liom scéal nó plota leabhair nó scannáin a insint agus cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar mhothaigh mé fúthu.              | Is féidir liom cur síos atá soiléir agus mionsonraithe a dhéanamh ar raon leathan ábhar a bhaineann le mo réimse spéise. Is féidir liom dearcadh ar cheist thráthúil a mhíniú, agus na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le roghanna éagsúla a chur in iúl.                                                         | Is féidir liom cur síos atá soiléir agus mionsonraithe a dhéanamh ar ábhair chasta, ag cur fothéamaí san áireamh, ag forbairt argóintí ar leith agus ag teacht ar chonclúid iomchuí ag an deireadh.                                                                                                                                                                         | Is féidir liom cur síos nó argóint a chur i láthair go soiléir agus go réidh i stíl atá oiriúnach don chomhthéacs agus a bhfuil struchtúr loighciúil agus éifeachtach uirthi a chabhair leas an bpairtí eile pointí tábhachtacha a thabhairt faoi deara agus cuimhneamh orthu.                                                                                                                                                                                 |

|                                              |                         |                                                                                                                                                                                                                                                                                         |                                                                                                                                                                                                         |                                                                                                                                                                                                                                                               |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                            |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                       |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                          |
|----------------------------------------------|-------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>S<br/>C<br/>R<br/>Í<br/>O<br/>B<br/>H</b> | <b>Scribhneoireacht</b> | Is féidir liom cárta poist atá gearr agus simplí a scríobh, mar shampla, chun beannachtaí laethanta saoire a thabhairt. Is féidir liom mo shonraí pearsanta a chomhlánú ar fhoirmeacha, mar shampla, m'ainm, mo náisiúntacht agus mo sheoladh a chomhlánú ar fhoirm chlárúcháin óstáin. | Is féidir liom nótaí agus teachtaireachtaí atá gearr agus simplí a scríobh. Is féidir liom litir atá pearsanta agus an-simplí a scríobh, mar shampla litir ina ngabhtar buíochas le duine as rud éigin. | Is féidir liom téacs atá simplí agus nasctha a scríobh ar thopaicí a bhfuil cur amach agam orthu nó a bhfuil spéis phearsanta agam iontu. Is féidir liom litreacha pearsanta a scríobh ina ndéantar cur síos ar eispéiris agus ar rudaí a thug mé faoi deara. | Is féidir liom téacs atá soiléir agus mionsonraithe a scríobh ar raon leathan ábhar a bhaineann le mo réimsí spéise. Is féidir liom aiste nó tuarascáil a scríobh ina gcuirtear faisnéis ar aghaidh nó ina dtugtar cúiseanna le tacú le tuairim ar leith nó cúiseanna le cur ina coinne. Is féidir liom litreacha a scríobh ina dtarraingítear aird ar an tábhacht phearsanta a bhaineann le heachtraí agus le heispéiris. | Is féidir liom mé féin a chur in iúl i dtéacs atá soiléir agus dea-struchtúrtha, agus tuairimí a chur in iúl go measartha domhain. Is féidir liom scríobh faoi ábhair chasta i bhfoirm litreach, aiste nó tuarascála, agus béim a chur ar na ceisteanna siúd is dóigh liomsa a bheith ar na ceisteanna is tábhachtaí. Is féidir liom stíl a roghnú atá oiriúnach don spriocléitheoir. | Is féidir liom téacs atá soiléir agus líofa a scríobh i stíl oiriúnach. Is féidir liom litreacha, tuarascálacha nó ailt atá casta a scríobh, ina gcuirtear cás i láthair a bhfuil struchtúr loighciúil agus éifeachtach air a chabhraíonn leis an bpáirtí eile pointí tábhachtacha a thabhairt faoi deara agus cuimhneamh orthu. Is féidir liom achoimrí agus léirmheasanna a scríobh ar shaothair ghairmiúla nó ar shaothair liteartha. |
|----------------------------------------------|-------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|

Tábla 1: Greille féinmheasúnaithe, FTCE 2001  
© Comhairle na hEorpa

Tacaíonn CV FTCE leis an oideachas ilteangach agus ilchultúrtha chomh maith céanna. Nuashonraítear ann roinnt tuairisceoirí i scálaí 2001 agus cuirtear leibhéal nua (réamh-A1) leis, mar aon le scálaí don idirghabháil, do na hinniúlachtaí ilteangacha agus ilchultúrtha, don fhóineolaíocht, agus do theangacha comharthaíochta. Glacann na scálaí agus tuairisceoirí ann áit na scálaí agus na dtuairisceoirí in FTCE 2001, cé go mbíonn téacs FTCE 2001 údarásach i gcónaí.

Tugtar forbhreathnú ar leibhéil inniúlachta FTCE sa ghreille féinmheasúnaithe, mar a thugtar uirthi, ó FTCE 2001 (Tábla 1, lch 3), ina ndírítear ar ghníomhaíochtaí teanga cumarsáidí. Tá an forbhreathnú comhionann in CV FTCE<sup>6</sup> níos casta toisc go mbaineann idirghníomhú scríofa agus trí chatagóir idirghabhála leis; dá bharr sin, níl sé chomh cabhrach céanna chun críocha reatha. Ní mór a lua, áfach, go gceileann an ghreille féinmheasúnaithe dearcadh FTCE ar “cheithre mhodh” na húsáide teanga; is minic a chuireann sí an léitheoir ar míthreoir agus go gceapann sé go gcuireann FTCE samhail “chúig inniúlacht” chun cinn.<sup>7</sup>

## 1.2 Cén áit as ar tháinig FTCE?

Tá dhá bhunús ag FTCE:

- Toisc gurb é sprioc pholaitiúil agus chultúrtha Chomhairle na hEorpa éascaíocht a dhéanamh ar an gcomhoibriú i measc na mballstát, cuireann FTCE “bunús coitianta ar fáil chun siollabais teanga, treoracha curaclaim, scrúduithe, téacsleabhair, etc., ar fud na hEorpa a fhorbairt”.<sup>8</sup> Míníonn an fheidhm seo tionchar suntasach FTCE le fiche bliain anuas, go háirithe i réimse na tástála teanga idirnáisiúnta.
- Toisc go bhfuil an [Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine](#) mar bhonn faoi ghníomhaíochtaí Chomhairle na hEorpa, is é an dearcadh a léirítear in FTCE “gur ‘gníomhairí sóisialta’ go príomha iad úsáideoirí teanga, i.e. baill den tsochaí a bhfuil tascanna (nach mbaineann leis an teanga amháin) le baint amach acu”.<sup>9</sup> Tá fréamhacha ag an tuiscint seo i dtionscadal oideachais do dhaoine fásta na heagraíochta a bhí ar bun sna 1970idí, a chuir an scáth ar fáil faoinar ndearnadh obair den chéad uair ar na nuatheangacha. Leagadh béim sa tionscadal seo ar thábhacht rannpháirtíocht, chumhachtú agus neamhspleáchas an fhoghlaimeora. Sa chaoi seo, ní mór a lua go léiríonn tuairisceoirí “is féidir liom” FTCE an t-úsáideoir/an foghlaiméir neamhspleách teanga ag leibhéal éagsúla chumais. In FTCE 2001, sainaithnítear “foghlaim conas foghlaim a dhéanamh”, agus an cumas teangacha a fhoghlaim go neamhspleách ar feadh an tsaoil, mar phríomhsprioc an oideachais teanga.<sup>10</sup>

---

<sup>6</sup> CV FTCE, lgh 177–181.

<sup>7</sup> Tagann an mhíthuiscint seo chun cinn, mar shampla, i sonraíochtaí na Sraithe Sóisearaí do Ghaeilge T1 agus T2.

<sup>8</sup> 2001 FTCE lch 1.

<sup>9</sup> FTCE 2001, lch 9.

<sup>10</sup> FTCE 2001, lch 141.

### 1.3 Cén tionchar a bheidh ag FTCE ar theagasc teanga?

Sa mhír “Nótaí don úsáideoir” ag tús FTCE 2001, deir na húdair: “NÍL sé i gceist againn a rá le cleachtóirí cad é ba cheart dóibh a dhéanamh, nó conas é a dhéanamh. Táimid ag cur ceisteanna, seachas á bhfreagairt. Ní hé feidhm an Fhráma Thagartha Chomónta Eorpaigh cuspóirí a leagan síos ar cheart d’úsáideoirí a bhaint amach nó modhanna ar cheart dóibh a úsáid.”<sup>11</sup> Léiríonn an ráiteas seo nach féidir le Comhairle na hEorpa ach ról comhairleach a ghlacadh maidir le beartas agus cleachtas oideachais sna ballstáit.

Ag an am céanna, áfach, deirtear in FTCE 2001 “go bhfuil cur chuige curtha chun cinn ag Comhairle na hEorpa le blianta fada atá bunaithe ar riachtanais chumarsáideacha na bhfoghlaimoirí agus ar úsáid na n-ábhar agus na modhanna a chuirfidh ar chumas na bhfoghlaimoirí na riachtanais seo a shásamh agus a fheileann dá dtréithe mar fhoghlaimoirí”.<sup>12</sup> Agus cé go maíonn na húdair arís “nach é feidhm an Fhráma modheolaíocht múinte teanga ar leith a chur chun cinn”, tugann siad an dúshlán seo dá léitheoirí:

Má tá cleachtóirí ann a mheasann, i ndiaidh dóibh machnamh a dhéanamh air, go bhfuil modhanna níos éifeachtaí ann ná na bealaí a chuireann Comhairle na hEorpa chun cinn chun tabhairt faoi chuspóirí foghlama a oireann do na foghlaimoirí a bhfuil freagrachtaí acu ina leith, ba mhaith linn go gcuirfidís é sin in iúl dúinn, chun insint dúinne agus do dhaoine eile faoi na modhanna a úsáideann siad agus na cuspóirí a bhíonn acu.<sup>13</sup>

Ní heol dom aon iarracht aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo.

Glacadh le cur chuige “gníomhdhírthe” in FTCE 2001, ag déanamh cur síos ar an inniúlacht teanga ó thaobh na húsáide teanga de, toisc go raibh Comhairle na hEorpa i gcónaí tiomanta don phrionsabal gur cheart don teagasc teanga iarracht a dhéanamh cur le hinniúlacht chumarsáideach na bhfoghlaimoirí. Dá réir sin, tá mórimpléachtaí oideolaíochta ag an gcur chuige gníomhdhírthe. Is mar seo a leanas a dhéantar achoimre ar an gcur chuige ag tús Chaibidil 2 de FTCE 2001:

Is éard atá i gceist le húsáid na teanga agus leis an bhfoghlaim teanga a ghlacadh chugat féin, ná gníomhartha a dhéanann daoine mar dhaoine aonair agus mar ghníomhairí sóisialta, daoine a fhorbraíonn réimse inniúlachtaí, idir **inniúlachtaí ginearálta** agus **inniúlachtaí sa teanga chumarsáideach**. Baineann siad leas as na hinniúlachtaí atá acu i réimse **comhthéacsanna** faoi **chúinsí** éagsúla agus faoi **shrianta** éagsúla chun páirt a ghlacadh i **ngníomhaíochtaí teanga** lena mbaineann **próisis teanga**, chun **téacsanna** a tháirgeadh agus/nó a fháil maidir le **téamaí** i **réimsí** ar leith, ag baint leas as na **straitéisí** is feiliúnaí chun tabhairt faoi na **tascanna** atá le baint amach. Atreisítear nó leasaítear na hinniúlachtaí mar thoradh ar mhonatóireacht a dhéantar ar ghníomhartha seo na rannpháirtithe.<sup>14</sup>

Is d’aon turas atá an achoimre seo sách dlúth. Tagraíonn na focail agus na frásaí i gcló trom, ar cheart “comhthéacsanna” a chur leo sa dara habairt, do phríomhghnéithe scéim thuairisciúil FTCE. Is féidir an chiall seo a leanas a bhaint as an achoimre:

---

<sup>11</sup> FTCE 2001, lch xi.

<sup>12</sup> FTCE 2001, lch 142.

<sup>13</sup> FTCE 2001, lch 142.

<sup>14</sup> FTCE 2001, lch 9.


- Nuair a bhainimid úsáid as teangacha bainimid leas as ár gcuid inniúlachta - eolas, scileanna, taithí agus tréithe.
- Is cineál den úsáid teanga í an fhoghlaim teanga, sa chaoi is go bhforbraíonn an inniúlacht chumarsáideach ó idirghníomhú leanúnach idir na hinniúlachtaí atá á bhforbairt ag an bhfoghlaiméoir de réir a chéile agus na tascanna cumarsáideacha ina mbíonn air nó uirthi an sprioctheanga a úsáid.
- Dá réir sin, má fhorbraíonn an fhoghlaimeoir inniúlacht a cheadaíonn dó a bheith ina “dhuine aonair agus ina ghníomhaire sóisialta”,
  - i. ba cheart go n-úsáidfear an sprioctheanga mar an bpríomh-mheán foghlama;
  - ii. ba cheart an fhoghlaim a eagrú ar bhealaí a thugann rochtain neamhtheoranta don fhoghlaimeoir ar an réimse is leithne de róil chumarsáideacha agus gur féidir.
- Is gné neamhdheonach, neamh-chomhfhiosach na húsáide teanga í an mhonatóireacht a threíonn nó a athraíonn inniúlachtaí an fhoghlaimeora, ach tá sé riachtanach freisin don teagasc agus don fhoghlaim éifeachtach.

Cé go gcuireann FTCE 2001 an téarma “gníomhdhírithé” i bhfeidhm i leith an chuir síos ar inniúlacht amháin, cuimsítear an teagasc agus an fhoghlaim i sainmhíniú CV FTCE ar an téarma sin:


Is í teachtaireacht mhodheolaíochta FTCE ná gur cheart go mbeadh an fhoghlaim teanga dírithe ar fhoghlaimeoirí a chumasú chun gníomhú i gcásanna fíorshaoil, iad féin a chur in iúl agus tascanna éagsúla a chur i gcrích. ... Níl [FTCE 2001] neodrach ó thaobh an oideachais de. Tugann sé le fios gurb iad gníomhartha a stiúirann an próiseas teagaisc agus foghlama, agus go bhfuil an próiseas sin gníomhdhírithé.<sup>15</sup>

#### 1.4 Tuiscint a fháil ar shé leibhéal inniúlachta FTCE

Níor cheart smaoineamh ar shé leibhéal inniúlachta FTCE mar shé eatramh chothroma ar scála líneach. Cuirtear an nasc eatarthu in iúl i bhFíor 1: cuimsíonn gach leibhéal os cionn A1 an leibhéil/na leibhéil thíos faoi; éiríonn na leibhéil níos suntasaí, agus dá



Fíor 1



Fíor 2

<sup>15</sup> CV FTCE, lch 29.

bharr sin teastaíonn níos mó am foghlama, de réir mar a thugann an foghlaimeoir fúthu; agus tá fás na hinniúlachta “cothrománach” (amach) chomh maith le “hingearach” (suas). Ní mór béim a leagan ar an bpointe deireanach seo. Ag gach leibhéal nua, cuirtear le hinniúlachtaí an fhoghlaimeora sa teanga chumarsáideach, agus lena réimse iompair chomh maith. Is féidir leis an bhfoghlaimeoir a bhfuil máistreacht iomlán aige ar leibhéal A2, mar shampla, an sprioctheanga a úsáid ina shaol laethúil go minic.

Tarraingítear aird i bhFíor 2 ar an athrú fócais i leith úsáid na teanga de réir mar a bhogann an foghlaimeoir ar aghaidh chuig leibhéal níos airde. Baineann gníomhaíochtaí teanga cumarsáidí ag leibhéal A1, ar an iomlán, leis an maireachtáil fhisiciúil agus shóisialta; díritear i leibhéal A2 agus B1 ar an idirghníomhú sóisialta den chuid is mó agus ar rudaí a dhéanamh; agus ag leibhéal B2, C1 agus C2 forbraítear an inniúlacht mar thoradh ar rannpháirteachas leanúnach acadúil, proifisiúnta nó gairmiúil leis an sprioctheanga. Léiríonn na saigheada síos go gcuireann na hinniúlachtaí breise sa teanga chumarsáideach a fhaightear ag na leibhéil níos airde seo ar chumas an fhoghlaimeora réimse níos leithne acmhainní teangeolaíocha a chur i bhfeidhm agus é ag tabhairt faoi na tascanna a shainmhíníonn na leibhéil níos ísle.

Tá dhá impleacht thábhachtacha ag na ceisteanna seo: críochnaíonn an foghlaim teanga chun críocha na cumarsáide ginearálta ag leibhéal B1; agus ciallaíonn na hardleibhéil ghnóthachtála oideachais nó na hardleibhéil rannpháirteachais phroifisiúnta/ghairmiúil a bhaineann le leibhéil B2, C1 agus C2 go mbíonn ábharthacht theoranta ag baint leo maidir le foghlaim na dara teanga/na teanga iasachta ar scoil i bhformhór comhthéacsanna.

### **1.5 Leibhéal inniúlachta FTCE agus an cainteoir Gaeilge T1**

Baineann FTCE le foghlaim, teagasc agus measúnú na dara teangacha nó na dteangacha iasachta. Go teoiriciúil mar sin, tá sé ábhartha do theagasc na Gaeilge d’fhormhór an daonra atá in aois scoile ar dara teanga dóibh í an Ghaeilge (T2). Ach cad faoin mionlach, a bhfuil an Ghaeilge mar an gcéad teanga (T1) acu nó a labhraíonn Béarla sa bhaile ach a fhreastalaíonn ar scoileanna lán-Ghaeilge chun inniúlacht dhúchais a bhaint amach sa teanga? An mbaineann FTCE leo freisin?

Mar a mhínigh mé i mír 1.1, tá dhá ghné riachtanacha ag scéim thuairisciúil FTCE, na gníomhaíochtaí cumarsáideacha a dhéanann úsáideoirí agus foghlaimeoirí teanga agus na hinniúlachtaí sa teanga chumarsáideach a mbíonn an fheidhmíocht rathúil ag brath orthu. In FTCE 2001, Caibidil 4, leabaítear na scálaí léiritheacha do ghníomhaíochtaí teanga cumarsáid – táirgeadh (labhairt agus scríobh), gabhchumas (éisteacht agus léamh), agus idirghníomhú (labhartha agus scríofa) – i gcur síos cuimsitheach tacsanomaíoch ar an úsáid teanga, a dtagraítear dá phríomhghnéithe san achoimre ar chur chuige gníomhdhírthe FTCE i mír 1.3 thuas. Sainmhíníonn, tacaíonn, agus cuireann na gnéithe seo srian ar an úsáid teanga, beag beann ar leibhéal inniúlachta an úsáideora teanga; i bhfocail eile, baineann siad le húsáid na chéad teanga chomh maith le húsáid na dara teangacha/na dteangacha iasachta.

I gCaibidil 5 de FTCE 2001, áitítear nach mbaineann an t-úsáideoir/an foghlaimeoir leas as a chuid inniúlachtaí sa teanga chumarsáideach amháin agus é ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí teanga cumarsáidí, ach go mbaineann sé leas as na ceithre inniúlacht ghinearálta atá neamhspleách ar an teanga: eolas fógrach, scileanna agus saineolas,

inniúlacht “eiseach’ (dearcthaí, inspreagadh, etc.), agus an cumas foghlama. Roinntear inniúlachtaí sa teanga chumarsáideach ina dtrí chineál: inniúlachtaí teangeolaíocha (foroinnte mar inniúlachtaí léacsacha, gramadaí, séimeantaice, fóineolaíochta, ortagrafacha agus orta-eipeacha<sup>16</sup>), inniúlacht shochtheangeolaíoch (“an t-eolas agus na scileanna riachtanacha chun dul i ngleic le gné shóisialta na húsáide teanga”),<sup>17</sup> agus inniúlachtaí pragmatacha (eolas an úsáideora/an fhoghlaimeora ar na prionsabail, a gcuirtear struchtúr ar theachtaireachtaí dá réir, agus a úsáidtear chun tabhairt faoi fheidhmeanna cumarsáideacha, agus a chuirtear in ord de réir an scéimre idirghníomhaíochta agus trasghníomhaíochta).<sup>18</sup> Braitheann úsáid chumarsáideach na chéad teanga chomh maith le húsáid chumarsáideach na dara teanga/na dteangacha iasachta ar na hinniúlachtaí seo.

Dá bharr sin, is cuí agus is cóir a rá go mbaineann dhá scéim léiritheacha FTCE chomh maith céanna le Gaeilge T1 agus le Gaeilge T2. Cad faoi na leibhéil inniúlachta agus na scálaí léiritheacha? Deirtear i sonraíocht Ghaeilge T1 na Sraithe Sóisearaí go bhfuil na torthaí foghlama ailínithe le leibhéal B2 “ar an iomlán”.<sup>19</sup> Is cosúil go bhfuil sé seo iomchuí. Mar shampla, is é seo a leanas an tuairisceoir don idirghníomhú foriomlán ó bhéal:

*Is féidir leis an scoláire an teanga a úsáid go líofa, go cruinn agus go héifeachtach chun réimse leathan d’ábhair ghinearálta, acadúla, ghairme nó áineasa a phlé, agus tuiscint shoiléir aige ar an nasc idir smaointe.*<sup>20</sup>

Is é seo an leibhéal inniúlachta a bheifeá ag súil leis ó scoláire a rinne a chuid oideachais trí Ghaeilge. Is amhlaidh atá i gcás tuairisceoir B2 don táirgeadh foriomlán scríofa:

*Is féidir leis an scoláire téacsanna soiléire, mionsonraithe a tháirgeadh ar réimse ábhar a bhaineann lena réimse spéise, agus an t-eolas agus na hargóintí iontu ó fhoinsí éagsúla a tharraingt le chéile agus a mheas.*<sup>21</sup>

Níl sé chomh soiléir céanna a mhéid a bhaineann na tuairisceoirí d’inniúlachtaí sa teanga chumarsáideach leis an scoláire i ndiaidh chlár T1 Gaeilge. Is é seo a leanas an tuairisceoir B2 don chruinneas gramadaí, mar shampla:

*Smacht maith ar an ngramadach; “botúin bheaga” nó earráidí neamhchórasacha agus mionlochtanna le sonrú i struchtúr na habairte ó am go chéile, ach ní minic a tharlaíonn siad agus is féidir iad a cheartú, má bhreathnaítear siar orthu.*<sup>22</sup>

Níl aon amhras ach go mbíonn botúin bheaga, earráidí agus mionlochtanna i dtéacsanna a scríobhann an scoláire as Gaeilge, ach ní mór mionstaidéar turgnamhach a dhéanamh le fáil amach an ndéanann an scoláire a bhfuil an Ghaeilge mar an gcéad teanga aige na hearráidí céanna a dhéanann a phiaraí ó theaghlaigh ina labhraítear an

---

<sup>16</sup> Foghraíocht.

<sup>17</sup> FTCE 2001, lch 118.

<sup>18</sup> FTCE 2001, lch 123

<sup>19</sup> [Gaeilge na Sraithe Sóisearaí, scoileanna lán-Ghaeilge \(T1\)](#), lch 4.

<sup>20</sup> CV FTCE, lch 72.

<sup>21</sup> CV FTCE, lch 66.

<sup>22</sup> CV FTCE, lch 132.

Béarla.

## 1.6 Achoimre:

San FTCE

- tá dhá cháipéis, *an Fráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha* (FTCE, 2001) agus *an tImleabhar Breise* (IB);
- moltar an cur chuige ilteangach, idirchultúrtha i leith an oideachais teanga, a d'athdhearbhaigh Comhairle na hEorpa trí bliana ó shin sa [Mholadh CM/Rec\(2022\)1](#) ó Choiste na nAirí, maidir le tábhacht an oideachais ilteangaigh agus idirchultúrtha don chultúr daonlathach;
- déantar cur síos ar an inniúlacht teanga ó thaobh úsáid na teanga de: na gníomhaíochtaí cumarsáideacha a dtugann an t-úsáideoir teanga/an foghlaiméir teanga fúthu agus na hinniúlachtaí ar a dtarraingíonn sé;
- roinntear úsáid na teanga ina ceithre mhodh: gabhchumas (éisteacht agus léamh), táirgeadh (labhairt agus scríobh), idirghníomhú (ó bhéal agus scríofa), agus idirghabháil;
- breathnaítear ar an bhfoghlaim teanga mar cineál den úsáid teanga, a bhfuil impleachtaí tábhachtacha aici don teagasc teanga;
- cuirtear na leibhéil inniúlachta in iúl, a théann ó úsáid ghinearálta na teanga go úsáid níos acadúla, níos gairmiúla agus níos proifisiúnta de réir a chéile;
- pléitear leis an bhfoghlaim T2, cé go mbaineann a scéim thuairisciúil le forbairt inniúlachta T1 i gcomhthéacsanna foirmiúla oideachais.

## 2 Ag ailíniú an oideachais teanga le FTCE: an scéal go dtí seo

Dearadh FTCE chun “bunús coitianta a chur ar fáil chun siollabais teanga, teoracha curaclaim, scrúduithe, téacsleabhair, etc., ar fud na hEorpa a fhorbairt”.<sup>23</sup> Dá réir sin, nuair a foilsíodh i dtosach é in 2001, bhí an-fhonn ar ghairmithe in earnáil an oideachais teanga tuiscint a shaothrú ar cén chuma a bheadh ar na siollabais, na teoracha curaclaim, na scrúduithe agus na téacsleabhair ó dhearcadh FTCE: cé chomh maith is gur féidir iad a ailíniú leis an uirlis nua seo? Sa mhír seo den pháipéar, pléitear na bealaí difriúla inar freagraíodh an cheist seo i réimsí na tástála teanga agus na forbartha curaclaim, tugtar scéal an ailínithe suas chun dáta trí achoimre a thabhairt ar fhorbairtí idirnáisiúnta a tharla le déanaí, agus déantar cur síos ar conas, 25 bliain ó shin, a úsáideadh FTCE chun córas cuimsitheach tacaíochta a dhearadh don scoláire BTB (Béarla mar Theanga Bhreise) i mbunscoileanna na hÉireann.

### 2.1 Scrúduithe

Chuir gníomhaireachtaí idirnáisiúnta tástála teanga fáilte roimh fhoilsiú FTCE 2001, toisc gur chuir sé modh ar fáil le scrúduithe a bhain le teangacha agus le tíortha difriúla,

---

<sup>23</sup> 2001 FTCE lch 1.

agus a mbíodh cuid mhór i ngeall leo, a chur i gcomparáid lena chéile. É sin ráite, níl aon freagra simplí ann ar an gceist: “Cá bhfios dom gurb ionann do B1 agus mo B1?” Bhí roinnt moltaí ann gur cheart do Chomhairle na hEorpa scrúduithe teanga a bhailíochtú, ag deimhniú go ndéantar an inniúlacht a mheas ag leibhéal amháin nó leibhéal eile FTCE. Níor cheadaigh bunreacht agus acmhainní na heagraíochta é seo, áfach, agus ina ionad sin coimisiúnaíodh forbairt dhá lámhleabhar, ceann amháin chun [scrúduithe teanga a nascadh le FTCE](#) (2009) agus an ceann eile [d’fhorbairt tástála agus measúnaithe teanga](#) a bhaineann le FTCE (2011).

Ní ceist fhánach é ailíniú na scrúduithe teanga, a mbíonn cuid mhór i ngeall leo, le FTCE. In ollscoileanna Béarla, mar shampla, iarrtar go rialta ar mhic léinn idirnáisiúnta a gcumas teanga sa Bhéarla a léiriú trí scrúdú aitheanta a dhéanamh go rathúil. Dá bharr sin, tá sé tábhachtach gur féidir leis an scoláire tascanna labhartha agus scríofa a dhéanamh ar leibhéal B2 má bhronntar teastas air a deir gur féidir leis é sin a dhéanamh. Tugtar treoir d’úsáideoirí i lámhleabhar 2009 maidir le conas scrúduithe teanga a nascadh le FTCE ina leagtar amach na cúig chéim seo a leanas:

- *Cleachtadh*: ag cinntiú go bhfuil dóthain eolais ag gach rannpháirtí sa phróiseas ailínithe ar FTCE, agus ar na leibhéil agus na tuairisceoirí a bhaineann leis.
- *Sonraíocht*: ag déanamh cur síos ar ábhar an scrúdaithe teanga i dtaca le catagóirí FTCE.
- *Caighdeánú*: ag cur oiliúint ar fáil lena chinntiú go bhfuil tuiscint chomhchoiteann ann ar leibhéil FTCE agus go ndéantar tagarmharcáil chruinn ar shamplaí feidhmíochta áitiúla de réir leibhéil ábhartha FTCE.
- *Caighdeán a leagan síos*: ag socrú scóir cháilithe bhailí nó breitheanna chun críche measúnaithe.
- *Bailíochtú*: bailiú agus cur i láthair fianaise cuí chun tacú le héilimh ailínithe.

Chun cabhrú le húsáideoirí leis na nósanna imeachta turgnamhacha casta atá i gceist, d’fhorbair Comhairle na hEorpa [Forlíonadh Tagartha](#) atá thar a bheith teicniúil. Faoi tráth seo, maítear go dtagann formhór na scrúduithe idirnáisiúnta teanga le FTCE, ach níl sé soiléir a mhéid a rinneadh an t-ailíniú sin i gcomhréir le lámhleabhar Chomhairle na hEorpa: ar chúiseanna maithe, tá an obair taighde agus forbartha faoina dtugann gníomhaireachtaí tástála faoi dhianrún.

Ní mór an bhundifríocht a aithint idir scrúduithe a chuireann gníomhaireachtaí idirnáisiúnta tástála teanga ar fáil agus scrúduithe náisiúnta fágála scoile amhail an Ardteistiméireacht: cé go bhfuil baint ag curaclam leis an dara ceann, níl baint aige leis an gcéad cheann. Nuair a deirtear go dtagann torthaí foghlama an churaclaim teanga le leibhéal B1 (abraimis), luíonn sé le réasún gur cheart na tuairisceoirí a úsáid (d’inniúlachtaí sa teanga chumarsáideach agus do na gníomhaíochtaí chomh maith) chun tascanna oiriúnacha scrúdaithe a dhearadh. Ach, más léir go bhfuil réimse d’ábhair fhéideartha sa tasc teoranta go sainráite, má mhúintear don scrúdú féin d’fhéadfadh an scoláire grád maith a bhaint amach gan a chuid inniúlachta a fhorbairt ag an am céanna, ionas gur féidir leo cumarsáid a dhéanamh gan réamhsmaoineamh ag leibhéal B1 ar bhonn uilechoiteann.

## 2.2 Curaclam

Nuair a foilsíodh FTCE 2001 den chéad uair, glacadh go sciobtha leis na sé leibhéal inniúlachta mar mhionsaothrú córasach ar an bhfírinne sheanbhunaithe: Baineann A1 agus A2 (“úsáideoir bunúsach”) le glantosaítheoirí agus le tosaitheoirí, B1 agus B2 (“úsáideoir neamhspleách”) le foghlaimoirí idirmheánacha, agus C1 agus C2 (“úsáideoir oilte”)<sup>24</sup> le foghlaimoirí ardleibhéil. Míníonn sé seo a thapúla a chuir roinnt aireachtaí oideachais lipéid inniúlachta FTCE le curaclaim na dteangacha iasachta. Measadh go forleathan gur bhain A1 agus A2 leis an mbunscoil, B1 leis an meánscoil shóisearach, B2 agus i roinnt cásanna C1 leis an meánscoil shinsearach, agus C1 agus C2 leis an tríú leibhéal. De réir eagrán 2023 an Aontais Eorpaigh *Sonraí Tábhachtacha maidir le Teangacha a Mhúineadh ar Scoil san Eoraip*, don chéad teanga iasachta, ní mór don scoláire leibhéal B1 a bhaint amach faoi dheireadh an oideachais mheánscoile shóisearí i bhformhór na dtíortha, agus leibhéal B2 a bhaint amach faoi dheireadh an ghnáthoideachais mheánscoile shinsearaí, fad is gurb é A2 an bunriachtanas don dara teanga iasachta faoi dheireadh an oideachais mheánscoile shóisearí agus B1 faoi dheireadh an ghnáthoideachais mheánscoile shinsearaí.<sup>25</sup> Léiríodh cár theip ar fhoghlaimoirí in go leor tíortha *sa Chéad Suirbhé Eorpach ar Inniúlachtaí Teanga* (2012) de chuid Choimisiún na hEorpa, ina ndearnadh measúnú ar scileanna éisteachta, léitheoireachta agus scríofa bunaithe ar na chéad cheithre leibhéal inniúlachta FTCE. Níor bhain ach 42% de scoláirí 15 bliana d’aois an leibhéal “úsáideoir neamhspleách” (B1/B2) amach sa chéad teanga iasachta a foghlaimíodh, fad is gur bhain 25% an leibhéal céanna amach sa dara teanga iasachta. Ag an am céanna, cúis imní is ea an líon suntasach scoláirí nár éirigh leo leibhéal “úsáideoir bunúsach” (A1/A2) a bhaint amach, 14% don chéad agus 20% don dara teanga iasachta.

Cosúil le tíortha eile, nascann Éire na curaclaim teanga le leibhéil inniúlachta FTCE i dtéarmaí an-ghinearálta. Luaigh mé i mír 1.5 go ndeirtear i sonraíocht Ghaeilge T1 na Sraithe Sóisearaí go dtagann na torthaí foghlama le leibhéal B2 “ar an iomlán”. Sa chaoi chéanna, deirtear i sonraíocht Ghaeilge T2 na Sraithe Sóisearaí go dtagann na torthaí foghlama “ar an iomlán” leis na tuairisceoirí i mbannaí A2–B1. Sa dá shonraíocht, clóbhuailetear an scála domhanda ó FTCE 2001 agus na tuairisceoirí ó ghreille féinmheasúnaithe 2001 (mír 1.1. den cháipéis seo) sna hagusíní. Ach an t-aon fhianaise gur féachadh ar FTCE i gcruthú na sonraíochtaí ná an glacadh mícheart leis an tsamhail chúig inniúlachta maidir le húsáid teanga. Is cinnte nach bhfuil aon iarracht shoiléir déanta na ráitis foghlama, na príomhinniúlachtaí ná an measúnú a nascadh le leibhéil agus tuairisceoirí FTCE.

Ní nach ionadh nach bhfuil aon fhianaise ann a mhaíonn go gcuireann ailíniú an churaclaim le leibhéal amháin nó níos mó FTCE gnóthachtáil níos fearr foghlama chun cinn.

---

<sup>24</sup> Is aidiacht mhíthreorach í an aidiacht “inniúil” agus ní thugann go leor léitheoirí agus úsáideoirí FTCE aitheantas ceart do na leibhéil níos ísle dá bharr. Tá foghlaimoir a bhain leibhéal A1 amach inniúil ar ghníomhaíochtaí A1 a dhéanamh, ar an gcaoi chéanna agus atá foghlaimoir ag leibhéal C2 inniúil ar ghníomhaíochtaí C2 a dhéanamh.


<sup>25</sup> *Sonraí Tábhachtacha maidir le Teangacha a Mhúineadh ar Scoil san Eoraip*, lch 24. Deirtear sa téacs foilsithe gurb é A2 an gnáthriachtanas don chéad teanga iasachta faoi dheireadh an oideachais mheánscoile sóisearaí, ach is botún cló é seo.

### 2.3: Ag Baint Úsáid as FTCE chun Córais Chuimsitheacha Foghlama a Thógáil

I mí Feabhra 2020, mar chuid de chomhdháil idirnáisiúnta a d’eagraigh EALTA,<sup>26</sup> a bhí comhurráithe ag UKALTA<sup>27</sup> agus a d’óstáil Comhairle na Breataine, rinneadh iniúchadh ar roinnt impleachtaí a bheadh ag an IB ar an oideachas teanga, le béim ar an gcuraclam agus ar an teagasc/ar an bhfoghlaim agus ar an measúnú chomh maith.<sup>28</sup> Mar fhreagairt ar ghá a chuir go leor rannpháirtithe sa chomhdháil in iúl,<sup>29</sup> d’oibrigh EALTA, UKALTA, Comhairle na Breataine agus ALTE i gcomhar lena chéile ar lámhleabhar nua ina dhiaidh sin, [Ag Ailíniú an Oideachais Teanga le FTCE](#), a foilsíodh ar líne in 2022. Cosúil le comhdháil 2020, baineann an lámhleabhar seo leis an gcuraclam agus leis an teagasc/bhfoghlaim chomh maith leis an measúnú. Aithníonn sé gur uirlis don “ailíniú tógachaíoch” é FTCE:<sup>30</sup> is féidir gach ceann dá thuairisceoirí “is féidir liom” a úsáid chun sprioc an churaclaim a lua go sonrach, chomh maith le tascanna teagaisc/foghlama agus fócas measúnaithe. Mar gheall air seo, is féidir comhpháirteanna an oideachais teanga a ailíniú ní hamháin le FTCE ach lena chéile.

In [Ag Ailíniú an Oideachais Teanga le FTCE](#), glactar le [Córas Cuimsitheach Foghlama](#) (2020; Fíor 3) de chuid Barry O’Sullivan, ina moltar gur

cheart breathnú ar chlár foghlama mar chóras, ionas go bhfeidhmeoidís go héifeachtúil. Laistigh den chóras, caithfidh na trí phríomhghné (curaclam, seachadadh, measúnú) a bheith bunaithe ar aon fhealsúnacht foghlama amháin a dtacaítear léi trí shamhlacha dea-shonraithe maidir leis an gcumas teanga agus leis an dul chun cinn, agus a bhfuil samhail tomhais mar bhonn fúthu. Mura gcinntítear go bhfuil na trí phríomhghné sin ag teacht le chéile go hiomlán, tá seans maith ann go dteipfeair ar an gcóras.<sup>31</sup>



Fíor 3

Cuirtear “samhail dea-shonraithe maidir leis an gcumas teanga agus leis an dul chun cinn” ar fáil sna leibhéil FTCE a bhfuil tuairisceoirí scálaithe acu, fad is gurb ionann dearcadh FTCE i leith na foghlama teanga mar chineál den úsáid teanga agus tuiscint FTCE ar an úsáideoir/ar an bhfoghlaiméirí teanga mar ghníomhaire neamhspleách sóisialta agus “an t-aon fhealsúnacht foghlama”. Áitítear sa lámhleabhar go gcaithfeair an tsraith chéanna tuairisceoirí scálaithe a úsáid chun (i) torthaí foghlama cumarsáidí an churaclaim a shonrú, (ii) inneachar agus struchtúr na n-ábhar teagaisc/foghlama a shocrú, agus (iii) forbairt na ngnásanna measúnaithe a threorú ionas go mbainfeair ailíniú éifeachtach le FTCE amach. Ní thugtar mórán sonraí, áfach, faoi fhealsúnacht na foghlama agus (níos

<sup>26</sup> Cumann Tástála agus Measúnaithe Teanga na hEorpa.

<sup>27</sup> Cumann Tástála agus Measúnaithe Teanga na RA.

<sup>28</sup> Foilsíodh páipéir na comhdhála ina dhiaidh sin in D. Little agus N. Figueras (eag.), *Reflecting on the Common European Framework of Reference for Languages and its Companion Volume*, Briostó: Multilingual Matters, 2022.

<sup>29</sup> Cumann Chumann Tástálaithe Teanga na hEorpa.

<sup>30</sup> Cheap an taighdeoir oideachais Astrálach John Biggs an téarma “ailíniú tógachaíoch”, agus tugann Biggs breac-chuntas ar an gcoincheap agus ar a bhforfheidhmiú [anseo](#).

<sup>31</sup> <https://www.britishcouncil.org/comprehensive-learning-system>

tábhachtaí fós) faoina gciallaíonn sé don chleachtas sa seomra ranga. Thug mé aghaidh ar an mbearna seo san aitheasc tosaigh a thug mé sa lánchruinniú agus mé i mbun comhrá leis an Ollamh Constant Leung (King's College London) ag comhdháil ailínithe FTCE a reáchtáil Universidad Ramon Llull, Barcelona, i mí Dheireadh Fómhair 2024. Tá an-bhaint ag an argóint a rinne mé,<sup>32</sup> dar liomsa, leis an gcomhthéacs reatha. Is féidir achoimre a thabhairt uirthi mar seo a leanas:

In FTCE, déantar idirdhealú soiléir idir an chumarsáid neamh-chómhálartach agus an chumarsáid chómhálartach sa chaoi a ndéanann an úsáid teanga ina ceithre mhodh - gabhchumas, táirgeadh, idirghníomhú agus idirghabháil. Tá an gabhchumas agus an táirgeadh neamh-chómhálartach: is gníomhartha aonair iad an éisteacht agus an léamh, an táirgeadh labhartha (fógra a dhéanamh, óráid a thabhairt) agus an táirgeadh scríofa. Díreann ar na modhanna seo sna scrúduithe scríofa agus i dtástálacha cluastuisceana agus táirgthe labhartha. Cuir na tuairisceoirí seo a leanas san áireamh:

**B1 Léamh** – *Is féidir liom téacsanna a thuiscint nuair is gnáthfhocail laethúla ardmhínicíochta nó focail atá bainteach leis an obair iad bunús na bhfocal*

**B1 Táirgeadh Scríofa** – *Is féidir liom téacs atá éasca agus nasctha a tháirgeadh ar thopaicí a bhfuil cur amach agam orthu nó a bhfuil spéis phearsanta agam iontu*

Is furasta cur leis na tuairisceoirí seo ionas gur féidir iad a úsáid ag an am céanna chun cur síos a dhéanamh ar thoradh foghlama, ábhair iomchuí teagaisc agus gnásanna iomchuí a chur in iúl, agus tasc measúnaithe a chur ar fáil.

Tá na modhanna cómhálartacha idirghníomhaithe agus idirghabhála níos casta toisc go mbíonn beirt nó níos mó i gceist leo, rud a fhágann go mbíonn siad dothuartha. Fiú nuair a roinneann sibh sprioc cumarsáideach, ní bheidh a fhios agat riamh go cinnte cad a déarfadh d'idirghabhálaí/d'idirghabhálaithe. Cuir na tuairisceoirí seo a leanas san áireamh:

**B1 Idirghníomhú ó Bhéal** – *Is féidir liom déileáil le formhór na gcásanna ar dócha go dtiocfaidh siad chun cinn agus mé ag taisteal i gceantar ina labhraítear an teanga*

**B1 An Chumarsáid a Idirghabháil** – *Is féidir liom tacú le cultúr ina gcleachtar cumarsáid chomhroinnte trí dhaoine a chur in aithne, faisnéis a mhalartú faoi thosaíochtaí, agus iarratais shimplí a dhéanamh i gcomhair deimhnithe agus/nó soiléirithe*

Féadfar glacadh leis na tuairisceoirí seo mar spriocanna curaclaim agus féadfar na scileanna a bhaineann leo a chur san áireamh sa mheasúnú. Ach ní féidir na cumais a léiríonn siad a mhúineadh go díreach; ní mór don scoláire iad a fhoghlaim de réir a chéile trí idirghníomhú agus idirghabháil ina sprioctheanga. Agus ní tharlódh sé seo ach amháin má mhúintear gach rang sa sprioctheanga agus má chuirfear struchtúr air ar bhealaí a mheallfaidh an scoláire isteach sa chomhrá teagaisc/foghlama mar chomhpháirtithe. D'fhéadfaí a rá gurbh é seo an bealach is fearr le neamhspleáchas an scoláire mar fhoghlaimeoir agus mar úsáideoir na sprioctheanga a fhorbairt, agus

---

<sup>32</sup> Táimse ag súil go nglacfar leis an argóint i bhforlíonadh ar an lámhleabhar, a raibh comhdháil Barcelona ceaptha bonn eolais a chur faoi.

tugtar le fios leis an dinimic teagaisc/foghlama seo go bhfuil ról lárnach ag obair thionscadail agus foghlaim phunainne.

Feictear domsa go dtagann an léirmhíniú ar a bhfuil i gceist le cur síos FTCE ar an bhfoghlaim teanga mar chineál den úsáid teanga agus ar an úsáideoir teanga/ar an bhfoghlaim teanga mar ghníomhaire neamhspleách sóisialta, chun cinn go nádúrtha ó chur chuige gníomhdhírthe FTCE i leith cur síos a dhéanamh ar an úsáid teanga. Freagraíonn sé freisin don ról a leagann CV FTCE ar an idirghabháil, ról ar cuireadh go mór leis, a gcuimsítear ina thuairisceoirí scálaithe riachtanais dhinimic an teagaisc/na foghlama a bhfuilimse go mór ar a son.<sup>33</sup>

#### **2.4 Ag baint úsáid as FTCE chun tacú le hionchuimsiú oideachais na n-inimirceach: obair Integrate Ireland Language and Training<sup>34</sup>**

Ó 2000 go 2008, ba stiúrthóir neamhstipinne ar Integrate Ireland Language and Training (IILT) mé, comhlacht campais gan beann ar bhrabús de chuid Cholaíste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Chuir an Roinn Oideachais maoiniú ar fáil do IILT chun tacú le teagasc an Bhéarla mar theanga bhreise (BTB) i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Ba iad seo téarmaí tagartha IILT:

- i. anailís a dhéanamh ar éilimh theangeolaíocha na gcuraclam bunscoile agus iar-bhunscoile agus cur síos a dhéanamh ar an inniúlacht nár mhór do dhaltá BTB/don scoláire a fhorbairt chun a bheith go hiomlán rannpháirteach sa phróiseas oideachais;
- ii. ábhair teagaisc agus acmhainní eile a chruthú lena n-úsáid sa dá bhliain den tacaíocht teanga a mhaoinigh an rialtas do gach scoláire BTB/gach scoláire;
- iii. laethanta leanúnacha inseirbhíse a chur ar fáil do mhúinteoirí tacaíochta teanga.

Mar fhreagairt ar na téarmaí tagartha seo, bhain IILT úsáid as FTCE chun córas cuimsitheach tacaíochta a chruthú don BTB, fiche bliain sular glacadh le coincheap an Chórais Chuimsithigh Foghlama sa phlé idirnáisiúnta ar ailíniú FTCE. Ar mhaithe leis an ngontacht agus leis an tsoiléireacht dírim ar earnáil na bunscoile anseo.

Ba é an chéad chéim a thóg IILT ná úsáid a bhaint as an dara dréacht de FTCE<sup>35</sup> chun anailís a dhéanamh ar éilimh theangeolaíocha an churaclaim bhunscoile agus chun

---

<sup>33</sup> Déantar cur síos agus taifeadh sna foilseacháin seo a leanas ar leaganacha na dinimice seo: D. Little, L. Dam agus L. Legehausen, *Language Learner Autonomy: Theory, Practice and Research*, Briostó: Multilingual Matters, 2017; D. Little agus D. Kirwan, *Engaging with Linguistic Diversity: A Study of Educational Inclusion in a Primary School*, Londain: Bloomsbury, 2019; D. Little agus D. Kirwan, [\*Language and Languages in the Primary School: Some Guidelines for Teachers\*](#), leagan athbheithnithe, Baile Átha Cliath: PPLI, 2024.

<sup>34</sup> Chun tuilleadh eolais a fháil faoin obair a luaitear anseo, féach D. Little “The Common European Framework and the European Language Portfolio: involving learners and their judgements in the assessment process”, *Language Testing* 22.3, 2005, lgh 321–36; D. Little & B. Lazenby Simpson, “Teaching immigrants the language of the host community: two object lessons in the need for continuous policy development”, *The Politics of Language Education: Individuals and Institutions*, ead. J. C. Alderson, Clevedon: Multilingual Matters, 2009, lgh 104–124.

<sup>35</sup> Comhairle na hEorpa, *Nuatheangacha: Foghlaim, Teagasc, Measúnú: Fráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha*. Dréacht 2 de thogra Creata. Strasbourg: Comhairle na hEorpa, 1997.

[\*Tagarmharcanna Inniúlachta Teanga sa Bhéarla\*](#) a fhorbairt. Tuigeadh dúinn, i gcás suíomh tumtha, gur cheart go mbeadh an scoláire BTB a thosaigh amach gan aon Bhéarla ar chor ar bith, in ann leagan aoisoiriúnach B1 a bhaint amach faoi dheireadh an dá bhliain de thacaíocht teanga, rud a chiallódh go mbeadh a chonair foghlama ó A1 trí A2 go dtí B1.<sup>36</sup> Ag baint leas as samhail na greille féinmheasúnaithe (féach mír 1.1 thuas), d'athscríobhamar na tuairisceoirí le go mbeidís aoisoiriúnach agus le go mbainfidís go sonrach leis an seomra ranga; bhí tagarmharcanna domhanda na hinniúlachta cumarsáidí mar thoradh air seo (éisteacht, léamh, idirghníomhú labhartha, táirgeadh labhartha, scríobh). Ag baint úsáid as scálaí d'inniúlachtaí sa teanga chumarsáideach, leanamar an próiseas céanna chun scálaí domhanda buninniúlachtaí teanga a chruthú (stór focal, gramadach, fóineolaíocht, ortagrafaíocht). Ansin, ag obair le múinteoirí i bhfócasghrúpaí agus fós ag díriú ar an seomra ranga go sonrach, d'aithníomar trí théama curaclaim déag a tháinig aníos arís is arís eile (mé féin; ár scoil; bia agus éadaí; dathanna, cruthanna agus rudaí neamhchosúla; daoine a chabhraíonn linn; an aimsir; iompar agus taisteal; séasúir, laethanta saoire agus féilte; an pobal áitiúil agus an pobal níos leithne; an t-am; daoine agus áiteanna i gceantair eile; ainmhithe agus plandaí; ag tabhairt aire do mo cheantar) agus chuireamar leagan nua ar fáil do thagarmharcanna domhanda gach téama. In intreoir ghairid, nascadh na *Tagarmharcanna* le FTCE agus míníodh conas ba chóir iad a úsáid; cuireadh an ghreille féinmheasúnaithe ón FTCE le hagusís. Ar an iomlán, 15 ghreille agus 24 leathanach a bhí sna *Tagarmharcanna*. Chomh luath agus a foilsíodh iad, thosaigh múinteoirí á n-úsáid le fáil amach cá raibh an scoláire BTB ar chontanam A1–B1 agus leis na ceachtanna tacaíochta teanga a phleanáil dá réir sin. Toisc nach raibh teanga baile an scoláire ar eolas acu, ní raibh aon dul as do mhúinteoirí ach tabhairt faoin gcineál sin oideolaíochta ar a ndearna mé cur síos i mír 2.3, ag spreagadh an scoláire BTB chun teagmhas na cumarsáide cómhartaí a ghlacadh chuige féin.

Ba leagan d'imleabhar FTCE é an chéad tacaíocht a chuir IILT le chéile chun an dara téarma tagartha a chomhlíonadh, [\*Punann na dTeangacha Eorpacha\*](#). Tá trí chomhpháirt éigeantach i bPunann na dTeangacha Eorpacha: pas teanga, ina ndéantar achoimre ar thaithí an úinéara ar na dara teangacha/na teangacha iasachta a fhoghlaim agus a úsáid; beathaisnéis teanga, ina ndéantar machnamh ar an bhfoghlaim; agus sainchomhad saorfhoirme, ina mbailíonn an t-úinéir an obair atá ar bun aige agus fianaise na gnóthachtála foghlama. Is nasc soiléir le FTCE iad na seicliostaí ar thuairisceoirí “Is féidir liom”, a eagraítear de réir gníomhaíochta agus leibhéal, agus a úsáidtear chun spriocanna foghlama a shainaithint, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus measúnú a dhéanamh ar ghnóthachtáil; sa leagan don scoláire BTB, d'eascair na tuairisceoirí “Is féidir liom” ó na *Tagarmharcanna*. Idir 2000 agus 2011, dhearbhaigh agus chreidiúnaigh Comhairle na hEorpa [\*118 Punann na dTeangacha Eorpacha ó gach earnáil oideachais\*](#). Go bhfios dom, ba í Punann na dTeangacha Eorpacha d'fhoghlaiméoirí BTB i mbunscoileanna na hÉireann an t-aon cheann a úsáideadh go forleathan agus a raibh tionchar suntasach aige ar an bhfoghlaim sa seomra ranga; dháil IILT 5,000 cóip de in aghaidh na bliana sa dá bhliain dheireanach dó bheith ar an bhfód.

<sup>36</sup> Dhearbhaigh taighde turgnamhach é seo ina dhiaidh sin, féach B. Ćatibušić & D. Little, *Immigrant Pupils Learn English: A CEFR-related empirical study of L2 development*, English Profile Studies 3, Cambridge: Cambridge University Press, 2014.

Chomhlíon IILT an tríú téarma tagartha dá chuid trí lá inseirbhíse a eagrú sa chéad agus sa dara téarma de gach scoilbhliain; tugadh gach lá i gcúig shuíomh agus bhí baint ag suas le míle múinteoir le gach babhta. D'fhreastail go leor múinteoirí tacaíochta teanga ar gach ceann de na laethanta inseirbhíse, agus dá bharr sin bhí IILT in ann dul i gcomhairle leo agus iad ag píolótú agus ag tabhairt aiseolais ar an réimse leathan d'ábhair teagaisc agus foghlama a forbraíodh chun forfheidhmiú na *dTagarmharcanna* agus na Punainne Teanga Eorpaí a éascú. Foilsíodh an t-ábhar mar leabhar, [Up and Away](#), in 2006.

Faoi dheireadh, d'fhorbair IILT fearas measúnaithe bunaithe ar na *Tagarmharcanna* chun cabhrú le scoileanna monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an scoláire BTB.<sup>37</sup> Bhí ceithre mhír san fhearas – éisteacht, léamh, labhairt agus scríobh; baineadh úsáid as tuairisceoirí na *dTagarmharcanna* chun tascanna measúnaithe a dhearadh; bhí scéimeanna scórála ionsuite ag na tástálacha éisteachta agus léitheoireachta; agus cuireadh greillí rátála ar fáil do na tástálacha labhartha agus scríofa. Forbraíodh codanna éagsúla na bhfearas, cuireadh i láthair iad ar na laethanta inseirbhíse agus cuireadh amach ar bhonn píolótach iad i gcaoga scoil. Léiríodh in anailís ar bhailiúchán mór sonraí gur bhain múinteoirí ardleibhéal cruinnis agus leanúnachais amach agus a scoláirí féin á marcáil acu.

Tá go leor le foghlaim ag aon iarracht athfhorbairt Ghaeilge na hArdteistiméireachta a ailíniú le FTCE ón sampla seo, go háirithe a mhéid a chuir na múinteoirí le bailíochtú neamhfhoirmiúil na *dTagarmharcanna* agus an fhearaí mheasúnaithe agus le forbairt na n-ábhar agus na ngníomhaíochtaí teagaisc/foghlama.<sup>38</sup>

### 3 Ag Baint Úsáid as FTCE chun Gaeilge na Sraithe Sinsearaí a Athfhorbairt

#### 3.1: Sonraíocht amháin nó dhá cheann?

Tuigim nár chinn CNCM go fóill cé acu a mbeidh sonraíocht amháin mar thoradh ar athfhorbairt Ghaeilge na hArdteistiméireachta nó sonraíocht ar leith do T1 agus T2. Ba léir mo thuairimse faoin gceist seo ar feadh breis agus fiche bliain. I bplépháipéar a scríobh mé do CNCM in 2003, d'áitigh mé gur 'trí shiollabas amháin a chur chun cinn arís agus arís eile do chainteoirí dúchais na teanga agus do chainteoirí neamhdhúchasacha, do scoláire i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna lán-Bhéarla, baintear amach díogha gach cás, ag tairiscint siollabas teanga iasachta a bheag nó a mhór don mhionlach beag de chainteoirí dúchais agus do scoláirí i scoileanna lán-Ghaeilge, agus ag cur éilimh neamhréalaíochta ar fhormhór na

<sup>37</sup> D. Little, B. Lazenby Simpson agus B. Čatibušić, *Primary School Assessment Kit*, Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2007.

<sup>38</sup> Gealltar mar chuid de [Chlár an Rialtais 2025](#) (lch 67) "obair i dtreo curaclaim na Gaeilge a ailíniú leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha chun feabhas a chur ar an nGaeilge labhartha ag leibhéal na bunscoile, na hiar-bhunscoile agus ag an tríú leibhéal". Ní bhainfear an sprioc sin amach mura ndéantar ach a mhaíomh go n-ailíneofar le FTCE é. D'fhéadfaí dul chun cinn a dhéanamh, áfach, dá bhforbrófaí córais tacaíochta do Ghaeilge na bunscoile agus na hiar-bhunscoile atá cosúil leis an gcóras tacaíochta a d'fhorbair IILT don BTB.

gcainteoirí neamhdhúchasacha ag an am céanna”.<sup>39</sup> Is dócha go dteipfidh ar aon iarracht sonraíocht amháin a fhorbairt atá ailínithe le FTCE, toisc go dtarraingeofaí aird ghéar ar an mbundifríocht idir scolaíocht lán-Ghaeilge agus lán-Bhéarla. I gcás na scolaíochta lán-Ghaeilge, toisc gurb í an Ghaeilge teanga an teagaisc, ba cheart a bheith in ann glacadh leis go bhfuil bunchumas an scoláire an Ghaeilge labhartha agus scríofa a thuiscint agus a tháirgeadh agus caitheamh leis an nGaeilge mar ábhar curaclaim ar an gcaoi chéanna is a chaitear leis an mBéarla sa chlár do scoileanna lán-Bhéarla. I gcásanna mar sin, bheadh sé feiliúnach a bheith ag súil go bhfeidhmeodh an scoláire is fearr ag leibhéal C1 sa táirgeadh labhartha agus scríofa:

**C1 Táirgeadh Labhartha** – *Is féidir liom cur síos atá soiléir agus mionsonraithe a dhéanamh ar ábhair chasta, ag cur fothéamaí san áireamh, ag forbairt argóintí ar leith agus ag teacht ar chonclúid iomchuí ag an deireadh*

**C1 Táirgeadh Scríofa** – *Is féidir liom mé féin a chur in iúl i dtéacs atá soiléir agus dea-struchtúrtha, agus tuairimí a chur in iúl go measartha domhain. Is féidir liom scríobh faoi ábhair chasta i bhfoirm litreach, aiste nó tuarascála, agus béim a chur ar na ceisteanna siúd is dóigh liomsa a bheith ar na ceisteanna is tábhachtaí. Is féidir liom stíl a roghnú atá oiriúnach don spriocléitheoir.*

Os a choinne sin, in earnáil mheán an Bhéarla, is é príomhfheidhm na Gaeilge mar ábhar curaclaim ná a chur ar chumas an scoláire inniúlacht a fhorbairt sa teanga nach mbeadh aige murach sin; sa chaoi sin, níl mórán difríochta idir an Ghaeilge agus na teangacha iasachta a fhoghlaimíonn an scoláire. Beag beann ar cé chomh maith is a mhúintear iad, ní féidir a bheith ag súil le go mbainfidh scoláire i scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla na leibhéil chéanna inniúlachta amach sa Ghaeilge mar a bhaineann a phiaraí amach sna scoileanna lán-Ghaeilge. Mar gheall air seo, agus ar mhaithe leis an tsoiléireacht, glactar leis sa mhír seo den pháipéar go bhfuil sonraíocht ar leith ann do T1 agus T2.

### 3.2 Más fiú é a dhéanamh, is fiú é a dhéanamh i gceart

Cuirtear an leibhéal inniúlachta a nasctar leis na torthaí foghlama sna sonraíochtaí in iúl i dtéarmaí an-ghinearálta san éileamh go bhfuil sonraíochtaí Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí “ailínithe ar an iomlán” le FTCE, cé nach mbaineann an t-éileamh ach le gníomhaíochtaí teanga cumarsáidí: ní thagraítear d’inniúlachtaí sa teanga chumarsáideach sa chaoi a nasctar leis “na hinniúlachtaí” iad in FTCE (féach mír 1.5 thuas). Ní léir cad iad na próisis anailíse atá taobh thiar den éileamh seo ar ailíniú, nach mbainfeadh duine nach bhfuil cur amach aige ar FTCE ciall as ar aon chuma. Ina ainneoin sin, is fiú pointe a rinne mé i mír 2.1 a lua anseo arís: ní fianaise ar chumas feidhmiú ag leibhéal ar bhonn uilechoiteann é an cumas tabhairt faoi thasc scrúdaithe a forbraíodh ag baint úsáid as (abraimis) tuairisceoirí do leibhéal B1.

Mar a mhínigh mé i mír 2.3, tuigtear don phobal taighde idirnáisiúnta anois gur cheart Córas Cuimsitheach Foghlama a chur le chéile chun an t-oideachas teanga a ailíniú le FTCE, córas ina n-ailínítear an curaclam, an teagasc/an fhoghlaim agus an measúnú le FTCE, agus lena chéile dá réir sin. Is ar an mbealach seo amháin is féidir éilimh

<sup>39</sup> D. Little, *Languages in the Post-primary Curriculum: A Discussion Paper*, Baile Átha Cliath: CNCM, 2003, lch 9.

idirspleácha a bhaineann le FTCE a ghiniúint, ar féidir measúnú turgnamhach a dhéanamh orthu agus iad a bhailíochtú. I mír 2.3, d'áitigh mé nár mhór cur le dinimic teagaisc/foghlama a ndéanann dearcadh FTCE i leith na foghlama teanga eolas iomlán di agus a thagann le dearcadh FTCE gur cineál den úsáid teanga í an fhoghlaime teanga agus leis an tuiscint atá aige ar an bhfoghlaiméoir mar ghníomhaí neamhspleách sóisialta, chun córas cuimsitheach foghlama a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm. Creidim gur féidir le próiseas ailínithe den chineál seo bealaí tábhachtacha a oscailt don taighde turgnamhach maidir le Gaeilge T1 na hArdteistiméireachta agus gur féidir leis tionchar claochlaitheach a imirt ar Ghaeilge T2 na hArdteistiméireachta. Ní raibh tiomantas do phróiseas dá leithéid ann riamh inár gcóras agus bheadh tacaíocht shuntasach fhadtéarmach ag teastáil uaidh. Chuirfí an-chuid spéise ann freisin go hidirnáisiúnta.

### **3.3 Buntáistí féideartha do Ghaeilge na hArdteistiméireachta T1**

De réir sainmhínte, is léiriú í an scolaíocht trí mheán na Gaeilge ar phrionsabal FTCE gur cineál den úsáid teanga í an fhoghlaime teanga. Dá bharr sin, tá trí bhealach ann ina rachadh ailíniú na sonraíochta athfhorbartha do Ghaeilge T1 na hArdteistiméireachta le FTCE chun tairbhe na hearnála Gaeilge agus chun tairbhe theagasc agus fhoghlaime na Gaeilge trí chéile:

- i. D'fhéadfaí an próiseas a úsáid chun iniúchadh a dhéanamh ar ghnáthdhinimic oideolaíochta a bhaineann le scoileanna lán-Ghaeilge ó dhearcadh FTCE i leith an fhoghlaimeora mar ghníomhaí neamhspleách sóisialta. Tá an-tábhacht ag baint le neamhspleáchas an scoláire aonair san obair atá idir lámha chun an tSraith Shinsearach a athfhorbairt. Ach forbraítear an inniúlacht san iompar neamhspleách toisc go dtugtar faoi ghníomhaíochtaí laethúla agus faoin bplé ranga go neamhspleách. San earnáil Ghaeilge, cad iad na cleachtais oideolaíochta a úsáidtear chun forbairt neamhspleáchas an scoláire a chur chun cinn, agus cad iad na modhanna plé a bhíonn i gceist leis na cleachtais sin sa seomra ranga? Tugtar bealach amháin chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo sna tuairisceoirí scálaithe don idirghníomhú agus don idirghabháil in CV FTCE agus bheadh impleachtaí tábhachtacha ag freagraí na gceisteanna sin d'fhoghlaimeoirí na Gaeilge T2 agus T1 araon.
- ii. D'fhéadfaí scálaí léiritheacha CV FTCE a úsáid chomh maith chun anailís a dhéanamh ar shamplaí taifeadta de Ghaeilge labhartha agus scríofa an scoláire, chun an leibhéal FTCE a bhain an scoláire (a) sármhaith (b) meánach agus (c) níos laige amach a mheas. Bheinn ag súil go mbeadh réimse próifíle ó B1+ go C1 mar thoradh ar ghníomhaíocht dá leithéid – torthaí a neartódh an argóint gur chóir sonraíochtaí Ardteistiméireachta ar leith a bheith ann do Ghaeilge T1 agus T2.
- iii. D'fhéadfaí an próiseas a úsáid chun Tuairisc Leibhéil Tagartha<sup>40</sup> a fhorbairt do na leibhéil ábhartha FTCE chomh maith, le go mbeadh na gníomhaíochtaí teanga cumarsáidí agus na hinniúlachtaí sa teanga chumarsáideach fite fuaite ina chéile. Bheadh obair mhór i gceist leis seo, ach rachadh sé chun tairbhe

---

<sup>40</sup> Féach lch 2, fn. 3 thuas.

theagasc agus fhoghlaím na Gaeilge trí chéile. Bheadh gá le liosta a chur le chéile i dtosach de na tuairisceoirí cuí do ghníomhaíochtaí cumarsáideacha an ghabhchumais, an táirgthe, an idirghníomhaithe agus na hidirghabhála, ag leibhéil B1, B2 agus C1 is dócha. Níor mhór gach tuairisceoir a léirmhíniú le tagairt do réimse na dtéacsanna a chuirtear i láthair an scoláire, do na ghníomhaíochtaí a chaithfidh sé a dhéanamh, agus do na téacsanna a bhfuiltear ag súil go scríobhfaidh sé. Ansin d'fhéadfaí na tuairisceoirí comhfhreagracha d'inniúlachtaí sa teanga chumarsáideach – go háirithe an réimse ginearálta teanga, réimse stór focal, cruinneas gramadaí, smacht ar stór focal, inniúlacht shochtheangeolaíoch agus inniúlacht phragmatach – a úsáid chun tiomsú liosta na n-eiseamláirí teanga a threorú. Bheadh tacaíocht mhór i gceist le torthaí ghníomhaíocht dá leithéid do chur i bhfeidhm na sonraíochtaí athfhorbartha Ardteistiméireachta don scoláire Gaeilge T2 agus T1 araon.

### 3.4 Buntáistí féideartha do Ghaeilge na hArdteistiméireachta T2

Dearadh na tástálacha a úsáideadh sa *Chéad Suirbhé Eorpach ar Inniúlachtaí Teanga* (féach mír 2.2. thuas) chun inniúlacht an scoláire úsáid spontáineach a chuid scileanna éisteachta, léitheoireachta agus scríbhneoireachta T2 a mheas. Má tugadh leaganacha Gaeilge de na tástálacha seo don scoláire in áit scrúdú na hArdteistiméireachta mar atá faoi láthair, ní bheifí ag súil le torthaí maithe. Tá a fhios ag cách nach féidir le formhór de lucht fágála scoile san earnáil trí mheán an Bhéarla cumarsáid spontáineach a dhéanamh sa Ghaeilge; ní gá gur fianaise ar chumas cumarsáide é grád maith a bhaint amach sa scrúdú reatha Ardteistiméireachta. Ní hionadh ar bith é seo, toisc go múintear ceachtanna Gaeilge in go leor scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla trí Bhéarla, agus níl an chumarsáid spontáineach sa Ghaeilge mar chuid de thaithí laethúil an scoláire.<sup>41</sup> Níl aon fhianaise ann gur forbraíodh an siollabas agus an scrúdú reatha le go mbeidís ag teacht lena chéile, agus níl tasc ná tuairisc ar an tríú gné den Chóras Cuimsitheach Foghlama, an teagasc/an fhoghlaím: tá an ailíniú tógachaíoch idir an curaclam, an oideolaíocht agus an measúnú in easnamh go hiomlán. Is léir gur d'fhonn feabhas a chur ar leibhéil inniúlachta sa Ghaeilge labhartha a dháil an tAire 40% de mharcanna an scrúdaithe do chomhpháirt na béaltrialach. Ach is cosúil go n-ullmhaíonn an scoláire é féin don scrúdú trí dhreasa cainte agus leaganacha na dtascanna neamh-chómhálartacha a bhíonn orthu a dhéanamh a fhoghlaím de ghlanmheabhair.<sup>42</sup> In áit chumas an scoláire idirghníomhú gan réamhsmaoineamh agus go solúbtha sa Ghaeilge a thástáil, déantar diantástáil ar chuimhne an scoláire. Cé go dtugann ailíniú shonraíocht T1 na hArdteistiméireachta le FTCE deis tacaíochtaí tábhachtacha don oideachas lán-Ghaeilge a fhorbairt, dá ndéanfaí amhlaidh do shonraíocht T2 tharraingeofaí aird ar an gcur chuige ceannasach i leith an teagaisc agus na foghlama. Is teip ollmhór é go ndéantar cur síos mionsonraithe ar scileanna agus ar

<sup>41</sup> “rinneadh an moladh go minic sna tuarascáilacha cigireachta ábhair go raibh gá le méadú agus forbairt mhór a dhéanamh ar dheiseanna na scoláirí chun an Ghaeilge a labhairt, chun obair a dhéanamh agus idirghníomhú trí Ghaeilge, agus chun a raibh foghlamtha acu a chur in iúl”, *Tuarascáil an Phríomhchigire, Meán Fómhair 2016–Nollaig 2020*, Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais, lch 145.

<sup>42</sup> Féach M. Ó Laoire, *Ceisteanna faoi Theagasc agus Mheasúnú na Gaeilge sa tSraith Shinsearach: Plécháipéis freagartha do dhá thuarascáil taighde de chuid an CNCM*, Baile Átha Cliath: CNCM, 2018, lch 23.

inniúlachtaí an fhoghlaimeora rathúla sna curaclaim reatha, ach nach ndeirtear faic faoi na modhanna oideolaíochta trínar cheart na scileanna agus na hinniúlachtaí sin a fhorbairt. Le hathfhorbairt na Sraithe Sinsearaí, tá deis ann aghaidh a thabhairt ar an easnamh seo.

### 3.5 Céard a bheadh i gceist le próiseas ailínithe?

Cosúil le lámhleabhar 2009 de chuid Chomhairle na hEorpa maidir le scrúduithe teanga a ailíniú le FTCE, sainmhínítear an t-ailíniú in *Ag Ailíniú an Oideachais Teanga le FTCE* mar phróiseas a bhfuil cúig chéim ann: *cleachtadh, sonraíocht, caighdeán a leagan síos, caighdeánú agus bailíochtú*. Aithnítear ann nach féidir le mórán institiúidí tabhairt faoi na gnásanna siúd a dearadh do ghníomhaireachtaí tástála idirnáisiúnta toisc go nglacann siad an-chuid ama agus go bhfuil siad dian ó thaobh acmhainní de, ach áitítear go n-éilíonn gach próiseas ailínithe (i) rannpháirteachas dáiríre le gach gné de FTCE 2001 agus de CV FTCE, (ii) cur chuige córasach críochnúil, agus (iii) doiciméadú mionsonraithe. Ag deireadh an phróisis, ní mór tuarascáil ailínithe (*bailíochtú*) a fhoilsiú ionas gur féidir cruinneas na n-éileamh ailínithe a iniúchadh go neamhspleách. I gcás na Gaeilge, ciallaíonn sé seo nach mór na sonraíochtaí curaclaim agus na tuarascálacha ailínithe a fhoilsiú i mBéarla agus i nGaeilge araon. Baineann an méid a luaitear sa mhír seo a leanas le Gaeilge T1 agus T2 araon, cé go bhfuil sonraíocht Ghaeilge T2 ar intinn agam go háirithe.

Ba cheart go mbeadh sé soiléir ón gcéad chuid den phlépháipéar seo nach cáipéis shimplí é FTCE; tá sé casta ar bhonn coincheapúil agus tá an-chuid inneachair ann. Ciallaíonn sé seo nach mór go gcuimseofaí rannpháirteachas leis na príomhghnéithe dioscúrsacha, go háirithe Caibidil 4 agus 5 de FTCE 2001 (“Úsáid teanga agus an t-úsáideoir/an foghlaimeoir teanga” agus “Inniúlachtaí an úsáideora/an fhoghlaimeora” faoi seach) agus leis na leibhéil chumais agus scálaí léiritheacha a ghabhann leis, i bpróiseas an *chleachtaidh*. Cabhraíonn [samplaí calabraithe na hinniúlachta labhartha](#) de chuid Chomhairle na hEorpa sa Bhéarla, sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, san Iodáilis agus sa Spáinnis leis na tuairisceoirí do ghnéithe ó bhéal na cumarsáide a dhéanamh níos nithiúla. I ndiaidh an chleachtaidh, is éard a bheadh i gceist leis an *tsontraíocht* ná sainmhíniú a thabhairt ar an sprioc-repertoire cumarsáideach, a bhféadfadh níos mó ná leibhéal FTCE amháin a bheith i gceist leis – mar shampla, B1 do ghníomhaíochtaí gabhchumais agus táirgthe, A2 do ghníomhaíochtaí idirghníomhacha/idirghabhála. Déantar cur síos ar go leor bealaí éagsúla chun é seo a dhéanamh in CV FTCE.<sup>43</sup>

Nuair atá na céimeanna tosaigh seo curtha i gcrích, bheadh gá le cinneadh a dhéanamh maidir le conas is féidir a mhíniú d’úsáideoirí cad é FTCE, cad as a tháinig sé, agus cad iad na bearta atá á nglacadh chun na sonraíochtaí a ailíniú leis. An moladh a bheadh agamsa ná téacs tosaigh gairid, a chuirtear leis in aguisín nó mar ábhar tacaíochta atá ar fáil in áit eile. Ní mór a mhíniú sa téacs tosaigh go mbreathnaítear ar an bhfoghlaim teanga in FTCE mar chineál den úsáid teanga agus go meastar ann gur gníomhaire neamhspleách sóisialta é an t-úsáideoir teanga/an foghlaimeoir teanga, ag tabhairt míniú soiléir gairid ar impleachtaí oideolaíochta an dearcaidh seo.

---

<sup>43</sup> CV FTCE, lgh 38–40.

Ba cheart go mbeadh sé sách simplí athfhorbairt na sonraíochtaí a chur i gcrích, ag dul i ngleic le coibhéisí curaclaim an *chaighdeánaithe* agus *leagan síos an chaighdeáin* agus ag déanamh tagairt dhíreach do FTCE, dá leibhéal agus dá thuairisceoirí. Is féidir é seo a léiriú le tagairt do [Shonraíocht Araibise na hArdteistiméireachta](#), a bhaineann leas as an teimpléad faofa do shonraíocht na Sraithe Sinsearaí. Ba iad “spriocanna oideachais” FTCE a rinne eolas do shonraíocht na hAraibise;<sup>44</sup> tagraíonn sé do cheithre mhodh na húsáide teanga mar a leagtar amach iad in FTCE; tá an “inniúlacht ilteangach agus idirchultúrtha” ar cheann den dá shnáithe staidéir atá ann;<sup>45</sup> agus tá leagan CV FTCE den ghreille féinmheasúnaithe ar fáil in Aguisín 2. I dtrí áit, maítear go bhfuil an tsonraíocht ailínithe le FTCE,<sup>46</sup> cé nach bhfuil aon fhianaise ann den chineál próiseas ailínithe atá á phlé agam anseo. Ina ainneoin sin, is léir gur féidir le teimpléad na sonraíochta freastal go héasca ar ailíniú mionsonraithe le FTCE:

- Tagann na príomhinniúlachtaí – eolas, scileanna agus luachanna/meonta – le hinniúlachtaí ginearálta FTCE tríd is tríd (eolas, scileanna agus saineolas, “inniúlacht eiseach”, agus cumas foghlama). I sonraíocht na hAraibise, nasctar foghlaim na hAraibise le forbairt phríomhinniúlachtaí an scoláire, ach gan an pointe soiléir a dhéanamh gur cheart go gciallódh an foghlaim teanga éifeachtach gur féidir na hinniúlachtaí a úsáid sa agus tríd an teanga a foghlaimíodh. Má chinntíonn múinteoirí gur cineál den úsáid teanga é an fhoghlaim teanga trí dhinimic oideolaíochta a ghlacadh atá cosúil leis an gceann a ndearna mé cur síos uirthi i mír 2.3, is cuid de gach ceacht iad *a bheith ag cumarsáid, a bheith cruthaitheach, ag obair le daoine eile, agus ag smaoineamh agus ag réiteach fadhbanna*. Má chabhraíonn an dinimic teagaisc/foghlama leis an scoláire forbairt mar ghníomhaire neamhspleách sóisialta, agus measaimse gur cheart go gcabhródh, cabhróidh sé leis *an fhoghlaim agus é féin a bhainistiú* trí Ghaeilge. Agus ba cheart go mbeadh sé éasca air *a bheith rannphairteach sa tsochaí* (go háirithe i saol na Gaeilge) dá réir sin.
- Sa chur síos ar na *torthaí foghlama* i sonraíocht na hAraibise, glactar le ceithre mhodh na húsáide teanga cumarsáidí mar a leagtar amach iad in FTCE,<sup>47</sup> cé go bhféadfadh an difríocht idir an Inniúlacht sa Teanga Chumarsáideach agus an Inniúlacht Ilteangach agus Ilchultúrtha<sup>48</sup> a bheith míthreorach, agus nach ndéantar ach caint seachas gníomh faoi na hinniúlachtaí sa teanga chumarsáideach ann mar a dhéantar cur síos orthu in FTCE. É sin ráite, bheadh sé éasca torthaí foghlama a nascadh go díreach le gníomhaíochtaí, leibhéil agus tuairisceoirí FTCE trí cholún a chur isteach do thuairisceoirí ábhartha FTCE. D’fhéadfadh stór eiseamláirí a bheith i gceist ansin sna hábhair tacaíochta d’inniúlachtaí sa teanga chumarsáideach, a bheadh nasctha leis na torthaí foghlama agus leis an rogha dinimice don teagasc/don fhoghlaim.
- Sa tsonraíocht Araibise, tá ról lárnach ag *punann teanga* an scoláire: “cuireann sí an scoláire i gcroílár na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe, agus éascaíonn sí an fhoghlaim neamhspleách”; tugann sí an deis don scoláire freisin

<sup>44</sup> Sonraíocht Araibise na hArdteistiméireachta, lch 6.

<sup>45</sup> Sonraíocht Araibise na hArdteistiméireachta, lgh 19–20.

<sup>46</sup> “ailínithe ar an iomlán” ar lch 6 agus 21; “ailínithe go teicniúil” ar lch 35.

<sup>47</sup> Sonraíocht Araibise na hArdteistiméireachta, lch 18.

<sup>48</sup> Sa dá shloinneadh FTCE, tagraítear “d’inniúlachtaí” san uimhir iolra.

“spriocanna foghlama pearsanta a leagan síos ar fud na gceithre mhodh cumarsáide”.<sup>49</sup> Cén chaoi a ndéanfar na rudaí seo? Cén ról ar cheart a bheith ag an bpunann teanga sa teagasc agus san fhoghlaím laethúil? Glacaim leis go dtabharfar tacaíocht mhionsonraithe sna hábhair bhreise, ach ba cheart go mbeadh míniú gairid atá dírithe ar an oideolaíocht sa tsonraíocht. Chuir Comhairle na hEorpa Punann na dTeangacha Eorpacha le chéile mar bhealach le hidirghabháil a dhéanamh ar éiteas, scéim thuairisciúil agus leibhéil inniúlachta FTCE d’fhoghlaimeoirí, agus tá togha an ábhair a d’fhéadfadh a bheith úsáideach ar [shuíomh gréasáin Phunann na dTeangacha Eorpacha](#). Tá an sampla a thug mé i mír 2.4 de shamhail na Punainne Teanga Eorpaí a forbraíodh chun tacú le forbairt Bhéarla an scoláire BTB i mbunscoileanna ábhartha anseo freisin.

Mar a mhínigh mé i mír 2.3, in *Ag Ailíniú an Oideachais Teanga le FTCE*, moltar go mbaintear an t-ailíniú éifeachtach amach tríd an tsraith chéanna tuairisceoirí de réir scála a úsáid chun (i) torthaí foghlama cumarsáidí an churaclaim a shonrú, (ii) inneachar agus struchtúr na n-ábhar teagaisc/foghlama a shocrú, agus (iii) forbairt na ngnásanna measúnaithe a threorú ionas go mbainfear ailíniú éifeachtach le FTCE amach. Má thugtar go beacht críochnúil faoi, bheadh an méid seo a leanas i gceist leis an bpróiseas:

- scálaí agus tuairisceoirí ábhartha a shainathint;
- cur leis na heiseamláirí ábhartha Gaeilge;
- bailiúchán na n-ábhar ionchuir a leagan síos a mbeifí ag súil go rachadh an scoláire i ngleic leo;
- úsáid a bhaint as na scálaí don idirghníomhú agus don idirghabháil chun cur síos agus iniúchadh a dhéanamh ar dhinimic oideolaíochta a d’oirfeadh d’inniúlacht an scoláire san úsáid neamhspleách teanga agus san fhoghlaím neamhspleách teanga;
- dul i gcomhairle le Coimisiún na Scrúduithe Stáit ag gach céim den phróiseas seo lena chinntiú go bhforbraítear scrúduithe a dhéanfaidh measúnú ceart ar inniúlacht fhoriomlán an scoláire sa Ghaeilge.

Níl aon fhianaise i Sonraíocht Araibise na hArdteistiméireachta den chineál ailínithe seo idir an curaclam agus an measúnú. Murar pléadh seo sna sonraíochtaí do Ghaeilge T1 agus T2 na hArdteistiméireachta, ní bheadh siad ailínithe le FTCE ina n-iomláine agus bheadh amhras faoi fhiúntas an ailínithe sin.

## 4 Conclúid

Chuir mé tús leis an bplépháipéar seo trí FTCE a chur in láthair, ag míniú cad a bhí i gceist leis, cad as a tháinig sé, cad iad na spriocanna atá aige, cén tionchar a bheidh aige ar an teagasc agus ar an bhfoghlaím teanga, agus a ábhartha is atá sé do na chéad teangacha. Ansin, rinne mé cur síos ar na cuir chuige an-éagsúil a glacadh chun scrúduithe teanga a raibh cuid mhór i ngeall leo agus curaclaim scoile a ailíniú le FTCE, thug mé achoimre ar na forbairtí reatha idirnáisiúnta maidir leis an oideachas teanga a

---

<sup>49</sup> Sonraíocht Araibise na hArdteistiméireachta, lch 25.

ailíniú le FTCE, agus rinne mé cur síos ar conas a úsáideadh FTCE chun córas cuimsitheach tacaíochta a fhorbairt don scoláire BTB bunscoile agus iar-bhunscoile in Éirinn. Mar fhocal scoir, phléigh mé céard a bheadh i gceist, dar liom, le hathfhorbairt Ghaeilge T1 agus T2 na hArdteistiméireachta le go mbeadh sí ailínithe le FTCE.

Tasc breá indéanta, ach dúshlánach, a bheadh ann Gaeilge na hArdteistiméireachta a athfhorbairt lena hailíniú le FTCE ar bhealaí a thagann le caighdeáin agus ionchais idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn, agus bheadh rath na hathfhorbartha sin ag brath ar chomhoibriú toilteanach na bpáirtithe leasmhara go léir: Speisialtóirí curaclaim CNCM, cigirí na Roinne Oideachais, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, ranna na Gaeilge agus an Oideachais sna hollscoileanna, múinteoirí agus tuismitheoirí. Bheadh tacaíocht shuntasach airgeadais agus riaracháin ag teastáil ó chomhoibriú dá leithéid sin; agus níor mhór go dtarlódh sé le taobh fhorfheidhmiú na sonraíochtaí, próiseas nach mbeadh deireadh go deo leis. Níl aon amhras orm, áfach, go gcuirfeadh próiseas rathúil ailínithe go mór le teagasc agus foghlaim na Gaeilge sa tSraith Shinsearach agus go gcuirfí úsáid níos forleithne agus níos muiníní na teanga chun cinn i sochaí na hÉireann dá bharr sin.